publicjobs.ie





# Clár na nÁbhar


04 Réamhrá ón bPOF agus ón gCathaoirleach

06 An Domhan Athraitheach Mórthimpeall Orainn

08 Ár nDúshlán
Ár nDeis
Ár Mandáid

11 Ár nAidhm
Ár bhFís

13 Ár gCaighdeáin

16 Barr Feabhais san Earcaíocht a Sholáthar

18 Barr Feabhais a Chur Chun Cinn

20 Ár nDaoine, ár gCórais agus ár gCultúr a Fhorbairt

22 Ár nGealltanas

# Réamhrá ón bPOF agus ón gCathaoirleach

Tá an-áthas orainn an Ráiteas Straitéise seo, NUA-26, a fhorbraíonn an straitéis roimhe seo, NUA23, a chur i láthair ar son na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí. Chun NUA26 a fhorbairt, rinneamar machnamh ar agus d'fhoghlaimíomar ó na dúshláin a bhí romhainn agus ó na héachtaí a bhaineamar amach le trí bliana anuas.

Tá fís láidir againn agus tá ár n-aidhm agus ár gcaighdeáin mar bhonn fúithi. Léiríonn fís, aidhm agus caighdeáin na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, a forbraíodh ar dtús in 2020, ár ról mar sholáthraí gairmiúil earcaíochta don tseirbhís phoiblí agus mar chaomhnóirí thraidisiún na hearcaíochta neamhspleáiche, neamhchlaonta sa tseirbhís phoiblí atá bunaithe ar fhiúntas. Bíonn ról lárnach againn i dtaca le seirbhís lárnaithe earcaíochta, mheasúnaithe agus roghnaithe a chur ar fáil don tseirbhís phoiblí agus léiríonn NUA26 ár ngealltanas dul i ngleic leis na dúshláin shuntasacha atá roimh an tseirbhís phoiblí agus shochaí na hÉireann.

Táimid tiomanta do fhreagracht a ghlacadh as ár soláthar seirbhíse agus bainfimid úsaid as bearta éifeachtacha chun feidhmíocht agus sástacht cliant agus iarrthóirí a mheas agus tuairisceoimid na staitisticí sin go poiblí.  Músclóimid muinín inár gcliaint i dtaca le caighdeán agus soláthar na seirbhísí a chuirimid ar fáil. Tabharfaimid tacaíocht do chliaint sa tseirbhís phoiblí chun gur féidir leo daoine cumasacha a mhealladh trí chur chuige nua-aimseartha agus gníomhach i leith seirbhísí earcaíochta agus measúnaithe a chur i bhfeidhm.

Déanfaimid ár ndícheall róil sa tseirbhís phoiblí a chur chun cinn trí mhargaíocht agus trí bhéim a leagan ar an obair fhiúntach agus éagsúil atá ar fáil agus ar an deis atá againn dea-thionchar a imirt ar mhuintir na hÉireann. Táimid dírithe ar a chinntiú gur léiriú í an tseirbhís phoiblí ar an tsochaí ar a bhfreastalaíonn sí agus tuigimid an ról atá againn i dtaca le daoine éagsúla a mhealladh ar bhealach gníomhach agus i dtaca le hobair a dhéanamh lenár gcliaint chun a chinntiú go gcuireann siad na róil agus an taithí oibre atá ag teastáil ar fáil chun daoine cumasacha a choinneáil.

D'aithníomar trí ghné straitéiseacha a bheidh mar bhonn faoinár dtosaíochtaí sna blianta atá amach romhainn. Maidir le príomhghné na straitéise nua seo, tá sé mar aidhm againn barr feabhais san earcaíocht a sholáthar, toisc go dtuigimid go gcaithfimid ár n-amscálaí soláthair seirbhíse a fheabhsú agus oibriú le comhpháirtithe straitéiseacha chun réitigh fhreagrúla agus shaincheaptha earcaíochta a chur ar fáil. Tugann na pleananna atá againn oibriú le cliaint chun constaicí ar bharr feabhais san earcaíocht a bhaint agus leas a bhaint as ár dtuiscintí agus ár dtaithí mar earcaitheoir lárnach do róil sa tseirbhís phoiblí tacaíocht don phríomhghné seo. Ina theannta sin, tugann ár ngealltanas forbairt a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibrímid agus féachaint chuige go seasfaidh an chaoi a n-oibrímid an aimsir agus a chinntiú go bhfuil an cumas againn atá ag teastáil chun torthaí a bhaint amach tacaíocht don phríomhghné chomh maith.

Agus NUA26 á chur i bhfeidhm againn, oibreoimid go leanúnach chun seirbhísí prasa earcaíochta ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcliaint i gcónaí; cuirfimid próisis chothroma, thrédhearcacha earcaíochta ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais na n-iarrthóirí; agus cinnteoimid go n-oibríonn ár mbaill foirne in eagraíocht earcaíochta atá an-éifeachtach, nuálach agus ionchuimsitheach. Toisc go bhfuil aird na sochaí dírithe anois ar inmharthanacht ár n-acmhainní daonna, comhlíonfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ár ndualgais chun a chinntiú go soláthraítear ár seirbhísí trí úsáid éifeachtach a bhaint as acmhainní agus nach n-imrímid drochthionchar ar an timpeallacht.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le chuile dhuine a chaith am agus fuinneamh ar an Ráiteas Straitéise seo agus a chabhraigh linn príomhthosaíochtaí a aithint agus a chur in ord tosaíochta agus an plean don Ráiteas Straitéise seo a dhearadh. Táimid ag tnúth le bheith ag obair le Bord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, leis an bhfoireann bhainistíochta agus lenár mbaill foirne agus ár gcliaint uilig chun clár uaillmhianach atá dírithe ar na blianta agus na dúshláin atá amach romhainn a chur i bhfeidhm.

| | |
|---|---|
| **Margaret McCabe** | *Príomhoifigeach Feidhmiúcháin* |
| **Tom Moran** | *Cathaoirleach ar Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí* |

# An Domhan Athraitheach Mórthimpeall Orainn

Is margadh dúshlánach a bhíonn ag síorathrú é an margadh earcaíochta. Tá an iomaíocht do dhaoine cumasacha ag an leibhéal is airde riamh. Tá sé deacair ar fhostóirí i ngach earnáil daoine cumasacha a mhealladh agus a choinneáil agus iad ag dul i ngleic le ganntanais scileanna, iomaíocht fhíochmhar do na daoine is fearr agus éilimh ar sholúbthacht níos fearr agus ar thuarastail níos airde.

Cé go ndéantar cur síos ar mhargadh earcaíochta an lae inniu mar mhargadh iomaíoch, tá sé deacair a thuar cad a tharlóidh amach anseo. Ag brath ar cheisteanna sóisialta, eacnamaíochta agus geopholaitiúla, is féidir go dtarlóidh rudaí éagsúla sa mhargadh. Táthar ag súil leis go mbeidh éilimh ar ghairmeacha níos fiúntaí agus ar mhodhanna solúbtha oibre i gceist, áfach.  De bharr ghéarchéim an chostais mhaireachtála, beidh béim athnuaite ar chúiteamh agus ar bhuntáistí. Cuireann an geilleagar glas béim ar leas na ndaoine agus ar chothromas sóisialta, ar iarrachtaí chun rioscaí timpeallachta agus ganntanais éiceolaíochta a laghdú. De bharr na heaspa muiníne a spreagann an cogadh san Eoraip agus an mhíshocracht mhaicreacnamaíochta, is cosúil go dtabharfar tús áite do chinnteacht phoist. Mar earcaitheoir lárnaithe don tseirbhís phoiblí, táimid tiomanta do thacaíocht a thabhairt don stát agus d’aghaidh a thabhairt ar eachtraí geopholaitiúla, ar dhúshláin shóisialta agus ar thionchar na teicneolaíochta ar an earcaíocht agus ar shaol na hoibre.

Caithfimid obair níos déine a dhéanamh agus obair a dhéanamh ar bhealach níos cliste chun na hiarrthóirí atá ag teastáil agus ag a bhfuil na scileanna riachtanacha a mhealladh agus chun suim na n-iarrthóirí a mhúscailt tríd an bpróiseas earcaíochta. Tá réimsí cosúil le réimse na hIS agus réimse an gheilleagair ghlais ag teacht chun tosaigh agus tá siad fíorthábhachtach maidir le fás eacnamaíochta agus maidir le hiomaíocht in Éirinn amach anseo. Ní mór don tseirbhís phoiblí béim a leagan ar uasoiliúint agus ar athsciliú sna réimsí seo agus ní mór don tseirbhís píblíne de ghairmithe oilte a chothú agus daoine cumasacha a mhealladh don tír.

Tá athrú suntasach tagtha ar shochaí na hÉireann le blianta beaga anuas, agus tá caighdeáin, creidimh agus cleachtais chultúrtha nua tagtha chun cinn. Tá an cuimsiú fíorthábhachtach sa phróiseas fostaithe. Toisc gur tháinig saol pearsanta oibrithe agus an t-ionad oibre le chéile le déanaí nuair a cuireadh obair fhíorúil i bhfeidhm, is léir go gcaithfimid forbairt a dhéanamh ar an gcaoi a bhfostaímid daoine agus ar an bhfáth a bhfostaímid daoine. Is féidir leas a bhaint as an teicneolaíocht mar uirlis chun gníomhaíochtaí a bhaineann le méid a dhéanamh agus chun feidhmiú mar chomhpháirtí cliste a oibríonn i gcomhar le hoibrithe. Ní mór forbairt a dhéanamh ar chultúr an ionaid oibre, ar pholasaithe eagraíochta agus ar fhorbairtí reachtaíochta agus beartais chun a chinntiú go gcuirtear seirbhísí poiblí ar fáil.

Ní mór dúinn tionscnaimh a bhaineann le barr feabhais san earcaíocht a neartú agus ár ról mar chomhpháirtí ar féidir brath air agus mar cheannaire san earnáil a chinntiú.

Tá cur chuige nua-aimseartha ag teastáil chun seirbhís earcaíochta a sholáthar, ina n-áirítear conairí éagsúla chuig gairmeacha agus conairí nua; printíseachtaí agus soghluaiseacht chun dul lasmuigh de na próisis earcaíochta thraidisiúnta, chun éifeachtacht sa soláthar seirbhíse earcaíochta agus measúnaithe a chinntiú.

Tá ár straitéis nua agus na gníomhaíochtaí tacaíochta a bhaineann léi fíorthábhachtach maidir le hacmhainneacht a fhorbairt i margadh dúshlánach. Tá sé bunaithe ar an aidhm fhadtéarmach atá againn seirbhís phoiblí éifeachtach agus lucht saothair a thugann léargas ar an tsochaí ar a bhfreastalaíonn sé a fhorbairt. Táimid tiomanta, tríd an straitéis seo, dár n-aidhm agus dár bhfís a bhaint amach chun dul i ngleic leis na dúshláin sa domhan mórthimpeall orainn, a bhíonn ag síorathrú.



# Ár nDúshlán

Tá sé ag éirí níos dúshlánaí painéil d'iarrthóirí a choinneáil mar go mbaintear úsáid as painéil go han-sciobtha, de bharr rátaí arda laghdaithe agus de bharr go gcuirtear moill ar cheapacháin i ngráid ghinearálta.

Tá seirbhís phras agus fhreagrúil earcaíochta ag teastáil ónar gcliaint a chuireann cur chuige saincheaptha ar fáil, a théann i ngleic le dúshláin agus a chuireann baill foirne ar ardchaighdeán ar fáil, agus, ag an am céanna, a leagann béim ar an gcomhionannas, an éagsúlacht agus an gcuimsiú mar phríomhghnéithe den nuálaíocht agus den táirgiúlacht.

Tá iarrthóirí ag súil le seirbhís ardchaighdeáin, éifeachtach agus phearsanta níos minice anois ná riamh. Cinnteoimid taithí dhearfach d'iarrthóirí a dhéanann teagmháil dhíreach linn agus a théann i dteagmháil linn trí publicjobs.ie. Cuirfimid seirbhísí ar fáil a chomhlíonann riachtanais na buíne iarrthóirí ina bhfuil an éagsúlacht ag teacht chun tosaigh, trí chur chuige straitéiseach a ghlacadh i leith na hearcaíochtaí, trí chórais agus phróisis nuálacha a chur i bhfeidhm agus trí fheabhas a chur ar sholáthar seirbhíse digití.

Cuirfimid barr feabhais san earcaíocht chun cinn i gcónaí trí riachtanais a bheidh ann amach anseo a aithint, trí threochtaí a thuar, trí leas a bhaint as sonraí chun tuiscint níos fearr a fháil ar an margadh agus trí chaighdeáin a leagan amach don earcaíocht sa tseirbhís phoiblí.



# Ár nDeis

Tá ról fíorthábhachtach ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir le seirbhís lárnaithe earcaíochta, mheasúnaithe agus roghnaithe a chur ar fáil sa tseirbhís phoiblí. Le déanaí, léiríomar luach na seirbhíse a chuirimid ar fáil dár gcliaint agus iad ag dul i ngleic le dúshláin shuntasacha i dtimpeallacht a bhíonn ag síorathrú, m.sh. na hathruithe a bhain le paindéim COVID-19 agus leis an gcogadh san Úcráin. Leanamar orainn ag iarraidh ár gcóras soláthair seirbhíse, ár gcórais agus ár struchtúir a athchóiriú chun freastal ar riachtanais na gcliant agus na n-iarrthóirí, a bhíonn ag síorathrú, agus déanaimid iarracht athruithe a tharlóidh amach anseo a thuar ar bhonn leanúnach.

Mar eagraíocht, in ainneoin na ndúshlán a bhíonn romhainn, ní mór dúinn a chinntiú go gcuirtear seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil agus go gcuirimid barr feabhais san earcaíocht, sa mheasúnú agus sa roghnú chun cinn sa tseirbhís phoiblí. Trí leanúint orainn ag iarraidh a bheith leanúnach agus trí ghlacadh le hathruithe, is féidir linn leas a bhaint as na deiseanna a bhaineann leis an gcomhthéacs eacnamaíochta, sóisialta, teicneolaíochta, fostaíochta agus timpeallachta, a bhíonn ag síorathrú, chun ár gcumas straitéiseach a mhéadú agus chun eagraíocht níos dinimiciúla, níos freagrúla agus níos solúbtha a fhorbairt chun torthaí níos fearr a bhaint amach dár gcliaint agus dár n-iarrthóirí.

Tapóimid an deis seo trí athmhachnamh a dhéanamh ar ár gcóras earcaíochta chun an leas is fearr a bhaint as soláthar seirbhíse agus chun freastal ar riachtanais na gcliant agus na n-iarrthóirí, a bhíonn ag síorathrú. Forbróimid ár gcórais agus ár gcumas i dtaca le sonraí agus bainfimid leas as teicneolaíochtaí nua chun éifeachtacht a chur chun cinn agus chun próisis a athdhearadh, agus tabharfaimid tús áite do thaithí an chustaiméara inár gcuid gníomhaíochtaí. Imreoimid tionchar ar earcaíocht a chloíonn le dea-chleachtas sa tseirbhís phoiblí ar bhealach gníomhach, trí úsáid a bhaint as ár n-árdán chun béim a leagan ar cheisteanna a chuireann isteach ar bharr feabhais san earcaíocht agus rochtain ar an margadh fostaíochta. Cinnteoimid dea-rialachas agus struchtúir mhaithe eagraíochta agus oibreoimid lenár gcomhpháirtithe straitéiseacha chun a chinntiú go bhfuil ár gcóras maoinithe oiriúnach. Forbróimid an t-eolas agus an tuiscint atá againn ar ár gcliaint agus ar an margadh.

Déanfaimid forbairt ar, déanfaimid teagmháil le agus tabharfaimid cumhacht dár ndaoine, cruthóimid timpeallacht oibre a thugann léargas ar an tsochaí agus atá bunaithe ar riachtanais ár ndaoine agus ar chaighdeáin ár n-eagraíochta.

# Ár Mandáid

Fuair an an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a mandáid agus bunaíodh í faoi na hAchtanna um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004-2013. Reáchtáiltear an chuid is mó d'fheachtais earcaíochta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí faoi Chód Cleachtais Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP). Leagann an Cód Cleachtais treoirlínte agus caighdeáin amach maidir le hearcaíocht inmheánach agus sheachtrach sa tseirbhís phoiblí.

Oibríonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí laistigh de chreat leathan de reachtanna, pholasaithe, chóid chleachtais agus straitéisí, i réimsí éagsúla a bhaineann leis an margadh fostaíochta; le scileanna; leis an gcomhionannas, leis an éagsúlacht agus an gcuimsiú; agus leis an nGaeilge. Mar eagraíocht, táimid tiomanta dár ndualgais a chomhlíonadh agus do threoir a thabhairt chun ár n-aidhm a bhaint amach, is é sin 'daoine éagsúla a earcú don tseirbhís phoiblí a bhfuil an cumas, an dea-cháil agus an díograis acu chun soláthar ar son na hÉireann'.

Tá ar ndualgais faoi reachtanna ábhartha, lena n-áirítear na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2015, na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015, Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Chearta an Duine (Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014) agus Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, mar bhonn faoin straitéis seo. Forbraíodh an straitéis de réir straitéisí ginearálta na státseirbhíse chomh maith, lena n-áirítear Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse, 2030, Seirbhísí Poiblí Níos Fearr – Straitéis Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí, 2030, Ár Seirbhís Phoiblí, 2020, agus Rialtas a Cheangal, 2030: Straitéis Dhigiteach agus TFC do Sheirbhís Phoiblí na hÉireann; agus déanfaimid iarracht tacú le cur i bhfeidhm na straitéisí náisiúnta ginearálta, lena n-áirítear Tionscadal Éireann, 2040, Straitéis Scileanna Náisiúnta na hÉireann, 2025, An Plean Straitéiseach chun a chinntiú gurb í Éire an Áit is Fearr san Eoraip chun a bheith i do Bhall den Lucht LADTAI+, 2023-2027, An Plean Gnímh Náisiúnta i gCoinne an Chiníochais agus aon straitéisí eile a bhaineann leis an obair a dhéanaimid.

# Ár nAidhm

## Daoine éagsúla a earcú don tseirbhís phoiblí a bhfuil an cumas, an dea-cháil agus an díograis acu a bheith ag soláthar ar son na hÉireann.

**Maidir linne, na daoine atá ag obair don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí:**

- Aithnímid go bhfuilimid ag obair i dtimpeallacht dhúshlánach earcaíochta: clár athchóirithe rialtais uaillmhianach; athruithe sóisialta agus eachtraí a chuireann isteach ar chúrsaí sóisialta; an riachtanas leanúnach dul i ngleic le hathruithe i saol na hoibre agus le teicneolaíochtaí a bhíonn á bhforbairt go sciobtha; níos mó éileamh ó pháirtithe leasmhara maidir le soláthar seirbhíse atá an-éifeachtach, pearsanta agus dírithe ar an gcustaiméir; agus riachtanas náisiúnta i dtaca le feabhas a chur ar tháirgiúlacht i ngach seirbhís.

- Aithnímid go mbíonn tionchar mór agus suntasach ag na daoine a earcaímid i róil seirbhíse poiblí ar fhorbairt eacnamaíochta, shóisialta agus timpeallachta shochaí na hÉireann agus ar mhuintir na hÉireann.

- Tuigimid tábhacht ár róil mar chaomhnóirí thraidisiún earcaíochta seirbhíse poiblí atá neamhspleách, neamhchlaonta, agus bunaithe ar fhiúntas agus déanaimid ár ndícheall i gcónaí a chinntiú go gcomhlíonaimid ár ndualgais faoi Chód Cleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

- Tuigimid an ról tábhachtach atá againn maidir le seirbhís phoiblí a chur ar fáil ar léiriú atá inti ar na daoine ar a bhfreastalaíonn sí.

- Táimid bródúil as an ról atá againn maidir le muinín a spreagadh i seirbhísí poiblí agus maidir le seirbhís phoiblí na hÉireann agus todhchaí d'Éirinn atá ag athrú a mhúnlú agus maidir leis an tionchar a bhíonn ag an obair a dhéanaimid agus na seirbhísí a chuirimid ar fáil ar an timpeallacht.

# Ár bhFís

## Aitheantas a fháil mar ionad bairr feabhais i réimse na hearcaíochta, as a bhfuil muinín ag na daoine ar a bhfreastalaímid.

**Á threorú ag ár mbunchaighdeáin, tá sé mar aidhm againn stádas a bhaint amach dúinn féin mar na hearcaitheoirí is fearr in Éirinn:**

- Cuirfimid lenár ndea-cháil mar cheannródaí i dtaca le cleachtas earcaíochta den chéad scoth a fhaigheann aitheantas ag leibhéal idirnáisiúnta de bharr nuálaíochta, éifeachtachta agus cuimsithe.
- Beidh muinín ag ár gcliaint ar fud na seirbhíse poiblí asainn seirbhísí prasa ar ardchaighdeán a chur ar fáil chun a riachtanais earcaíochta a chomhlíonadh.
- Cuirfidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí próisis chothroma, thrédhearcacha earcaíochta ar fáil a chuireann taithí ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais na n-iarrthóirí.
- Déanfaimid caighdeáin arda san earcaíocht seirbhíse poiblí a chur chun cinn agus a chothabháil, de réir Chód Cleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.
- Daingneoimid agus neartóimid ár sciar den mhargadh, agus díreoimid ár ngníomhaíochtaí earcaíochta ar chásanna ina bhfreastalóidh siad ar riachtanais shochaí na hÉireann ar an mbealach is fearr.
- Beidh baill foirne bródúil as a bheith ag obair in eagraíocht earcaíochta seirbhíse poiblí éifeachtach, nuálach agus ionchuimsitheach.

# Ár gCaighdeáin



## IONTAOIBH

- Tuigimid an luach a bhaineann leis an muinín a chuirtear ionainn seirbhís phras den scoth a chur ar fáil agus tá muinín againn as ár bpáirtithe leasmhara agus ár gcomhghleacaithe.
- Táimid bródúil as ár gcúlra agus déanfaimid an dea-cháil atá ar an oifig as cothroime, neamhspleáchas agus ionracas a chothabháil.
- Feidhmímid le hionracas i gcónaí, cloímid leis na caighdeáin eitice is airde agus cosnaímid rúndacht gach gné dár bpróiseas.
- Tá meas againn ar na hacmhainní a thugtar dúinn agus oibrímid chun an tionchar a bhíonn againn ar an gcomhshaol a laghdú.

## NUÁLAÍOCHT

- Glacaimid le hathruithe agus tuigimid dúshláin mar dheiseanna le feabhas agus fás a chur i bhfeidhm.
- Tuigimid an luach a bhaineann leis an bhfiosracht agus tugaimid tacaíocht don fhiosracht agus maidir le triail a bhaint as modhanna éagsúla.
- Táimid nuálach agus déanaimid athbhreithniú gníomhach ar ár seirbhísí agus ár bpróisis chun tacaíocht a thabhairt don fhorbairt leanúnach.
- Bíonn sé mar aidhm againn a bheith sofhreagrúil agus solúbtha mar eagraíocht atá in ann aghaidh a thabhairt ar chúinsí seachtracha.

## BÉIM AR CHUSTAIMÉIRÍ

- Is eagraíocht muid atá faoi thionchar éileamh agus tá an custaiméir (cliaint, iarrthóirí agus muintir na hÉireann) ag croílár na hoibre a dhéanaimid.
- Bíonn sé mar aidhm againn seirbhís den chéad scoth a chur fáil dár gcliaint, ag comhoibriú leo chun freastal ar a riachtanais earcaíochta.
- Bíonn sé mar aidhm againn taithí dhearfach a chur ar fáil d'iarrthóirí, cibé toradh atá i gceist.
- Déanaimid teagmháil lenár gcustaiméirí, éistimid leo agus bímid buíoch as a n-aiseolas.

## CEANNAIREACHT


- Glacaimid leis an ról ar leith atá againn sa tseirbhís phoiblí agus, mar ghairmithe earcaíochta, ullmhaímid muid féin chun tacú le daoine aonair agus le heagraíochtaí barr a gcumais a bhaint amach.
- Roinnimid ár dtuiscint agus ár dtaithí agus ár n-obair le comghleacaithe ar fud na seirbhíse poiblí chun ardfheidhmíocht a bhaint amach agus an cumas aghaidh a thabhairt ar ionad oibre a bhíonn ag síorathrú a chinntiú.
- Tugann ár ndaoine treoir i gcónaí, go háirithe nuair a bhíonn dúshláin i gceist.

## BARR FEABHAIS

- Bímid ag súil le barr feabhais agus déanaimid ár ndícheall barr feabhais a bhaint amach san obair a dhéanaimid.
- Bainimid luach ar airgead amach agus cuirimid luach ar airgead ar fáil.
- Déanaimid iarracht glacadh leis na teicneolaíochtaí is déanaí agus leis na smaointe is sofaisticiúla chun feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht.
- Tugaimid tacaíocht dá chéile agus táimid tiomanta don fhorbairt ghairmiúil leanúnach chun barr feabhais a bhaint amach i réimse na hearcaíochta agus an roghnaithe.
- Leagaimid caighdeáin arda amach maidir leis an soláthar seirbhíse agus bímid compordach agus muid ag dul i ngleic le dúshláin.

## CUIMSIÚ

- Aithnímid agus tuigimid an luach a bhaineann leis an éagsúlacht agus glacaimid le deiseanna le ceannaireacht ionchuimsitheach a léiriú.
- Is áit ionchuimsitheach é ár n-ionad oibre, ina gcaitear le gach duine le dínit, meas agus cúirtéis.
- Tugann ár seirbhísí agus ár bpróisis tacaíocht do chuile dhuine chun cabhrú leo barr a gcumais a bhaint amach.
- Déanaimid ár ndícheall suim a mhúscailt i bpobail éagsúla agus a n-aird a tharraingt ar ghairmeacha seirbhíse poiblí.




**Ár ndaoine, ár gcórais agus ár gcultúr a fhorbairt**

Forbairt a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibrímid

A chinntiú go seasfaidh cumas na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí an aimsir

**Barr feabhais san earcaíocht a sholáthar**

Seirbhísí freagrúla earcaíochta a sholáthar

A chinntiú go bhfuil taithí an chliaint agus an iarrthóra ag croílár na hoibre uilig a dhéanaimid

**Barr Feabhais a Chur Chun Cinn**

Gníomhaíochtaí a dhéanamh bunaithe ar thuiscintí

Constaicí ar bharr feabhais san earcaíocht a bhaint

**Barr Feabhais san Earcaíocht a Sholáthar** is é seo príomhghné ár n-eagraíochta agus na straitéise seo.

**Forbairt a dhéanamh** ar ár gcumas mar eagraíocht agus barr feabhais **a chur chun cinn** go hinmheánach agus go seachtrach: tugann an ghné seo den straitéis tacaíocht don phríomhghné thuas.

# Tá Soláthar Bairr Feabhais san Earcaíocht

## mar phríomhthosaíocht straitéiseach mar...



Tá daoine ag croílár ár ngnó agus tá sé mar thosaíocht againn seirbhís éifeachtach, phras den scoth a chur ar fáil dár gcliaint agus iarrthóirí cumasacha a earcú chun tacú le seirbhís phoiblí ina bhfuil éagsúlacht le brath.

I dtimpeallacht iomaíoch, aithnímid an gá lenár gcóras earcaíochta a neartú agus a fhorbairt chun gur féidir linn freastal ar riachtanais ár gcliaint agus ár n-iarrthóirí, a bhíonn ag síorathrú.

Aithnímid go bhfuil ról tábhachtach againn maidir le lucht saothair ardfheimiúil atá faoi thionchar luachanna a mhúnlú do mhuintir na hÉireann.

## Roimh dheireadh thréimhse na stratéise seo, bainfimid na haidhmeanna seo a leanas amach...

### Soláthar dár gCliaint agus dár nIarrthóirí

- Bainfimid ár spriocanna ama amach do gach comórtas earcaíochta de réir ár bpríomhtháscairí feidhmíochta.
- Cuirfimid réitigh fhreagrúla agus shaincheaptha ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais na gcliant agus na n-iarrthóirí.
- Daingneoimid agus neartóimid ár seirbhísí earcaíochta, ag díriú ár ngníomhaíochtaí ar chásanna ina bhfreastalóidh siad ar riachtanais shochaí na hÉireann ar an mbealach is fearr.
- Déanfaimid athbhreithniú ar ár n-inghlacthacht i dtaca lenár solúbthacht a mhéadú, a chabhróidh linn dul i ngleic go gníomhach le margadh fostaíochta a bhíonn ag síorathrú.
- Bainfimid an leas is fearr as ár struchtúir agus ár bpróisis chun tacú le hoibríochtaí earcaíochta a nua-aoisiú.
- Cuirfimid modhanna measúnaithe agus roghnaithe atá bunaithe ar fhianaise i bhfeidhm chun ár n-aidhm a bhaint amach agus chun a chinntiú go n-earcaítear daoine éagsúla sa tseirbhís phoiblí.
- Bainfimid leas níos fearr as sonraí agus déanfaimid sonraí a rianú chun tuiscint a fháil ar riachtanais na gcliant agus chun freastal ar na riachtanais seo.
- Leanfaimid orainn ag déanamh taighde agus anailíse i gcomhar lenár gcliaint chun tuiscint níos fearr a fháil ar threochtaí agus chleachtais reatha i réimse na hearcaíochta agus ar threochtaí agus chleachtais a thiocfaidh chun tosaigh amach anseo chun freastal ar riachtanais na gcliant agus na n-iarrthóirí ar bhealach níos éifeachtaí.
- Bainfimid an leas is fearr as an teicneolaíocht agus as an uathoibriú chun seirbhísí atá dírithe ar an gcustaiméir a sholáthar.
- Ár soláthar seirbhíse, sásamh na gcustaiméirí agus feidhmíocht eagraíochta a mheas agus tuairisciú orthu, trí úsáid a bhaint as sraith de Phríomhtháscairí Feidhmíochta agus as teagmháil ghníomhach le custaiméirí.

### A chinntiú go bhfuil taithí an Chliaint agus an Iarrthóra ag croílár na nithe uilig a dhéanaimid.

- Freastalóimid ar riachtanais na gcliant ar bhealach níos fearr, trí oibriú lenár gcustaiméirí, trí phrionsabail deartha atá dírithe ar an úsáideoir a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar ár seirbhísí.
- Coinneoimid súil ar threochtaí sa mhargadh agus, i gcomhar lenár gcliaint, aithneoimid modhanna nuálacha chun iarrthóirí den scoth a mhealladh agus a cheapadh.
- Gheobhaimid tuiscint níos fearr ar phíblínte d'iarrthóirí agus ar threochtaí chun cur le straitéisí éifeachtacha agus saincheaptha meallta a fhorbairt.
- Cuirfimid béim ar an gCÉ&C i ngach réimse oibríochta earcaíochta agus forbróimid ár sonraí monatóireachta comhionannais, laghdóimid constaicí ar iontráil agus méadóimid an éagsúlacht i mbuíonta iarrthóirí.
- Glacfaimid le cur chuige straitéiseach i leith ár gcórais do bhaill de bhoird agallaimh agus méadóimid soláthar agus éagsúlacht ár mbuíne de bhaill de bhoird agallaimh.
- Cuirfimid straitéis i dtaca le branda agus cumarsáid le custaiméirí i bhfeidhm, cuirfimid taithí leanúnach atá dírithe ar an úsáideoir ar fáil dár gcliaint agus dár n-iarrthóirí i dtaca le gach pointe teagmhála san aistear earcaíochta.
- Cuirfimid córas soláthair seirbhíse agus oibriúcháin hibrideach i bhfeidhm.

# Tá Cur Chun Cinn an Bhairr Feabhais

**mar phríomhthosaíocht straitéiseach mar...**

Chun an tseirbhís phoiblí a ullmhú d'ionad oibre na todhchaí, beidh orainn comhoibriú leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, lenár gcliaint agus lenár bpáirtithe leasmhara chun gealltanas córasach i dtaca le constaicí a bhaint a chinntiú, go háirithe do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht agus beidh orainn cur chuige solúbhta a chur i bhfeidhm chun daoine cumasacha agus iarrthóirí éagsúla a mhealladh agus a choinneáil i róil seirbhíse poiblí.

Tuigimid an tábhacht a bhaineann le fadbhreathnaitheacht a fhorbairt agus an chumhacht a bhaineann le leas a bhaint as ár ngréasáin chun tuiscint a fháil ar an margadh fostaíochta, ar threochtaí earcaíochta, agus ar na scileanna atá ag teastáil chun a chinntiú go bhfuil ár bpróisis earcaíochta agus mheasúnaithe ionchuimsitheach agus go dtacóidh siad leis an lucht saothair a bheidh ann amach anseo.



## Roimh dheireadh thréimhse na stratéise seo, bainfimid na haidhmeanna seo a leanas amach...

### Gníomhaíochtaí a dhéanamh bunaithe ar thuiscintí

- Gheobhaimid aitheantas mar cheannaire i réimse an mheallta, na hearcaíochta agus an roghnaithe, agus cuirfimid le cleachtais ionchuimsitheacha sa tseirbhís phoiblí.
- Déanfaimid taighde agus anailís ar bhealach gníomhach, déanfaimid treochtaí a rianú chun athruithe, deiseanna agus bagairtí a aithint chun fadbhreathnaitheacht a fhorbairt ar mhaithe leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus ar mhaithe lenár gcliaint agus déanfaimid scileanna agus forbairtí a thiocfaidh chun cinn i réimse an roghnaithe agus an mheasúnaithe amach anseo a thuar.
- Tabharfaimid tacaíocht don tseirbhís phoiblí na dualgais atá leagtha amach in Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh trí mhodhanna, phíblínte agus scálaí tomhais nua a bhunú.
- Tabharfaimid treoir agus tacaíocht ghníomhach do ghréasáin a bhaineann leis an earcaíocht do ghrúpaí mionlaigh, imeallaithe agus atá faoi ghannionadaíocht.
- Tabharfaimid tacaíocht don tseirbhís phoiblí agus dár gcliaint chun na dualgais a leagtar amach i straitéisí náisiúnta comhionannais a chomhlíonadh.
- Tapóimid deiseanna digiteacha chun tuiscintí a fhorbairt, barr feabhais a chur chun cinn agus a bheith ar an eolas faoi na treochtaí earcaíochta is déanaí.
- I gcomhar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (D/PENDER), tabharfaimid tacaíocht do agus neartóimid cumas agus próifíl scileanna na seirbhíse poiblí trínár bpróisis dhírithe earcaíochta agus roghnaithe chun a chinntiú go bhfuil an tseirbhís phoiblí ullmhaithe do agus in ann dul i ngleic le dúshláin nua agus le dúshláin a thiocfaidh chun cinn amach anseo.
- Tabharfaimid tacaíocht ghníomhach agus comhairle ghairmiúil do chliaint faoi cheisteanna a bhaineann leis an earcaíocht chun cleachtais earcaíochta agus torthaí níos fearr a éascú sa tseirbhís phoiblí.

### Constaicí ar bharr feabhais san earcaíocht a bhaint

- I gcomhar le páirtithe leasmhara straitéiseacha, bogfaimid i dtreo córais mhaoinithe níos solúbtha agus struchtúr eagraíochta níos forásaí a fhreastalaíonn ar an gcliant agus a chuireann barr feabhais chun cinn.
- Oibreoimid lenár gcliaint chun cur chun cinn agus margaíocht Ghealltanais na Seirbhíse Poiblí i dtaca le Luach an Fhostaí a neartú trí mhargaíocht chuíchóirithe, chomhtháite agus shuimiúil chun tacú le feachtais sna príomhréimsí earcaíochta.
- Aithneoimid constaicí seachtracha a chuireann bac orainn barr ár gcumais a bhaint amach agus barr feabhais san earcaíocht a sholáthar agus oibreoimid lenár gcomhpháirtithe straitéiseacha agus lenár gcliaint sa tseirbhís phoiblí chun constaicí struchtúrtha, oibríochta agus beartais a laghdú nó a bhaint.

# Ár nDaoine, ár gCórais agus ár gCultúr a Fhorbairt:

**tá an aidhm seo mar phríomhthosaíocht straitéiseach mar...**

Tuigimid an tábhacht a bhaineann le cultúr san ionad oibre ina bhfuil barr feabhais, nuálaíocht, iontaoibh agus cuimsiú le brath agus tá fonn orainn treoir a thabhairt do dhaoine/d'eagraíochtaí eile le dea-shampla.

Táimid bródúil as an obair a dhéanaimid agus ba mhaith linn dá nglacfadh gach ball foirne linn mar earcaitheoirí gairmiúla do ghairmeacha fiúntacha seirbhíse poiblí.

Má dhéanaimid forbairt ar ár gcumas a bheith dírithe ar an gcustaiméir agus ar thorthaí agus glacadh le hathruithe, beimid réidh le dul i ngleic le dúshláin an lae inniu agus le dúshláin a thiocfaidh chun cinn amach anseo.



## Roimh dheireadh thréimhse na stratéise seo, bainfimid na haidhmeanna seo a leanas amach...

### An chaoi a n-oibrímid a fhorbairt

- Cinteoimid go bhfuil gach ball foirne dírithe ar chustaiméirí agus ar thorthaí agus go gcuireann taithí an chustaiméara lenár gcinntí.
- Beimid tiomanta do na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde a bhaint amach, don fhreagracht agus don rialú, don chibearshlandáil agus don chosaint sonraí.
- Forbróimid cumas eagraíochta chun athchóiriú digiteach a sholáthar agus a chur i bhfeidhm, chun an leas is fearr a bhaint as na féidearthachtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí uathoibrithe agus réitigh gan pháipéar chun próisis agus seirbhísí níos éifeachtaí a chur chun cinn.
- Cuirfimid córas earcaíochta nua-aimseartha a sheasfaidh an aimsir i bhfeidhm in ionad an chórais earcaíochta atá in úsaid againn faoi láthair.
- Forbróimid straitéis chuimsitheach bhainistíochta sonraí agus infreastruchtúr sonraí a thacaíonn le cultúr ina dtuigtear sonraí agus atá bunaithe ar shonraí.
- Glacfaimid le cur chuige comhtháite i leith na bainistíochta riosca i réimse an athchóirithe dhigitigh, i réimse an leanúnachais ghnó, i réimse na hIS agus an uathoibrithe, i réimse na cibearshlándála agus i réimse na cosanta sonraí.

### A chinntiú go seasfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an aimsir

- Forbróimid cultúr ceannródaíoch san ionad oibre atá bunaithe ar riachtanais ár ndaoine..
- Déanfaimid athbhreithniú ar chumas agus déanfaimid tagarmharcáil ar na struchtúir agus ar an gcumas atá ag teastáil chun torthaí a bhaint amach.
- Cuirfimid córas inmheánach um acmhainní a chur ar fáil atá solúbtha i bhfeidhm agus cinnteoimid go bhfuil ár struchtúir eagraíochta oiriúnach i gcomhthéacs oibre a bhíonn á fhorbairt i gcónaí agus an cumas dul i ngleic le dúshláin agus le héilimh nach rabhthas ag súil leo.
- Cinnteoimid go gcuireann caighdeáin agus tosaíochtaí ár n-eagraíochta lenár gcinntí, agus go n-éascaíonn ceannaireacht ionchuimsitheach an próiseas seo.
- Glacfaimid le cur chuige straitéiseach i leith na bainistíochta eolais.
- Aithneoimd scileanna a bheidh ag teastáil amach anseo agus déanfaimid uasoiliúint agus gairmiúlú ar an bhfoireann agus ar ár gceannairí chun torthaí a bhaint amach sa timpeallacht oibre mar atá sé anois agus sa timpeallacht oibre a bheidh ann amach anseo.
- Beidh lucht saothair agus ionad oibre ina bhfuil éagsúlacht le brath agus ina bhfuil an cuimsiú chun cinn againn, ina dtuigtear an tábhacht a bhaineann le folláine na foirne agus ina bhfuil Gealltanas láidir maidir le Luach an Fhostaí i bhfeidhm.
- Glacfaimid le cur chuige straitéiseach i leith Spriocanna a bhaineann leis an Inmharthanacht Chomhshaoil a bhaint amach.

# Ár nGealltanas

Táimid tiomanta do fhreagracht a ghlacadh as ár soláthar seirbhíse agus forbróimid bearta éifeachtacha chun feidhmíocht agus sástacht cliant agus iarrthóirí a rianú agus tuairisceoimid na staitisticí sin go poiblí. Táimid tiomanta dár seirbhísí earcaíochta a chur ar fáil de réir na sprioc-amanna a aontaítear le cliaint. Tabharfaimid aghaidh ar dhúshláin earcaíochta chun ár n-aidhm a bhaint amach, is é sin 'daoine éagsúla a earcú don tseirbhís phoiblí a bhfuil an cumas, an dea-cháil agus an díograis acu chun soláthar ar son na hÉireann'.

Chun cumas eagraíochta agus barr feabhais seirbhíse a fhorbairt, cuirfear an straitéis seo i bhfeidhm trí chreat cuimsitheach forfheidhmithe agus trí shraith de phleananna gnímh agus straitéisí tacaíochta. Tá ár Straitéis maidir le Daoine; ár Straitéis Chomhionannais, Éagsúlachta agus Chuimsithe; ár Straitéis Dhigiteach; ár Straitéis Nuálaíochta; ár Straitéis Mhargaíochta; ár gCreat Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais; agus ár gCreat um Rialú Faisnéise san áireamh. Déanfaimid iarracht ghníomhach aiseolas a fháil ó chliaint agus ó iarrthóirí agus cuirfimid bearta i bhfeidhm bunaithe ar an aiseolas seo chun feabhas a chur ar ár seirbhís.

Déanfaimid ár ndul chun cinn a mheas trí úsáid a bhaint as réimse de mhodhanna cáilíochtúla agus cainníochtúla agus déanfar monatóireacht chomhionannais a chomhtháthú sa phróiseas tuairiscithe oibríochta.

Soláthróidh an tSCP córas digiteach earcaíochta nua agus cuirfidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an córas seo i bhfeidhm chun tacú le baint amach ár spriocanna straitéiseacha. Trí chóras digiteach earcaíochta nua-aimseartha den chéad scoth a chur i bhfeidhm, tabharfar tacaíocht dúinn ár n-aidhm próisis earcaíochta atá láidir, éifeachtach agus nuálach agus a bhaineann dea-thortahí amach a chur i bhfeidhm chun cabhrú linn seirbhísí freagrúla agus solúbtha a chur ar fáil do chliaint agus ár ndualgais i dtaca le cliaint agus hiarrthóirí a chomhlíonadh a bhaint amach.



## Toisc gur eagraíocht oibríochta muid atá dírithe ar sholáthar seirbhíse a fheabhsú, déanaimid na gealltanais seo a leanas...

Go líonfar
**95%**
de phoist

Go gcuirfear deireadh le
**85%**
d'fheachtais earcaíochta laistigh den tréimhse ama a aontaítear leis an gcliant.

Go líonfar
**85%**
de phoist ghinearálta laistigh den tréimhse ama a aontaítear

Go mbeidh
**85%**
de chliaint sásta le caighdeán na n-iontrálaithe nua

Go mbeidh
**90%**
de chliaint sásta leis an tseirbhís a chuireann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar fáil

Go mbeidh
**85%**
d'iarrthóirí sásta leis an tseirbhís a chuireann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar fáil

Go dtiocfaidh méadú
**100%**
ar líon na ndaoine a thuigeann gur tairseach é publicjobs.ie do dheiseanna sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí

Go dtiocfaidh méadú
**20%**
ar líon na n-iarrthóirí atá faoi mhíchumas agus a thagann ó mhionlach eitneach ag céim an iarratais agus an céim an cheapacháin

Is acmhainn 'bheo' eagraíochta í an straitéis seo agus an creat forfheidhmithe a bhaineann léi a thabharfaidh treoir don Bhord, don fhoireann ardbhainistíochta agus do bhaill foirne na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí agus a chabhróidh linn ár n-aidhm a bhaint amach ar bhealach éifeachtach agus obair a dhéanamh chun ár bhfís a bhaint amach.

publicjobs.ie